Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6593/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0073 (NLE)**

**COEST 100**
**WTO 38**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 103 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Clár Oibre Comhlachais AE-an tSeoirsia a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 103 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 103 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.3.2022
COM(2022) 103 final

2022/0073 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Clár Oibre Comhlachais AE-an tSeoirsia a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais i dtaca le glacadh beartaithe an Chláir Oibre Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia do 2021-2027.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhlachais

Is é is aidhm don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ('an Comhaontú'), comhar a neartú, comhlachas polaitiúil agus comhtháthú eacnamaíoch a chur chun cinn. Bunaítear leis an gComhaontú freisin limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála ('DCFTA'). Tháinig an comhaontú sin i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

### 2.2. An Chomhairle Comhlachais

Bunaíodh an Chomhairle Comhlachais in Airteagal 404 den Chomhaontú. Déanann sé maoirseacht agus faireachán ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus déanann sé athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú an Chomhaontaithe i bhfianaise a chuspóirí. Tá sé comhdhéanta de chomhaltaí de Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus de chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus de chomhaltaí rialtas na Seoirsia, ar an taobh eile.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais

I gcomhréir le hAirteagal 406(1) den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais moltaí a ghlacadh d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach. Glacfaidh an Chomhairle Comhlachais moladh maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Comhlachais idir an tAontas agus an tSeoirsia don tréimhse 2021-2027 ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe trí thosaíochtaí comhpháirteacha a leagan amach don tréimhse 2021 go 2027.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chomhaontaigh an tAontas agus an tSeoirsia a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú trí thosaíochtaí a leagan amach don tréimhse 2021 go 2027 chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Cumhdaítear an méid a leanas sa Chlár Oibre Comhlachais 2021-2027:

- idirphlé polaitiúil;
- beartas eachtrach agus slándála;

- comhar maidir le saoirse, slándáil agus ceartas, trádáil agus ábhair a bhaineann le trádáil; agus

- comhar in go leor earnálacha eile a chumhdaítear leis an gComhaontú, amhail fuinneamh, sláinte phoiblí, iompar, comhshaol, athrú aeráide agus iascach agus gnóthaí muirí.

Léiríonn an Clár Oibre Comhlachais cuspóirí bheartas Chomhpháirtíocht an Oirthir[1] agus cuirtear san áireamh tosaíochtaí an Choimisiúin, amhail an claochlú éiceolaíoch agus digiteach. Cuirtear san áireamh inti freisin na forbairtí beartais is déanaí, lena n-áirítear maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus forbairtí in-athnuaite, cosaint an chomhshaoil agus na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras. Tugtar aghaidh sa Chlár Oibre Comhlachais freisin ar na dúshláin nua a bhaineann le paindéim COVID-19, lena bhféachfar le bheith ag obair i gcomhar le chéile ar athléimneacht sláinte agus ar théarnamh socheacnamaíoch. Tá tábhacht ar leith ag baint freisin leis na tosaíochtaí a bhaineann le hathchóirithe a bhfuil géarghá leo sa tSeoirsia, go háirithe i réimsí an smachta reachta, athchóirithe ceartais agus comhdhlúthú daonlathach.

Ní mór don Aontas a sheasamh maidir leis an gClár Oibre Comhlachais a bhunú chun cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe a éascú agus chun comhar déthaobhach a threorú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Sonraítear in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go nglacann an Chomhairle cinntí lena mbunaítear ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Áirítear leis an gcoincheap ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach atá ‘*in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta arna glacadh ag reachtas AE*’[2].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Comhaontú Comhlachais.

---

1 Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le ‘Beartas Comhpháirtíochta an Oirthir tar éis 2020 – Athbheochan na hAthléimneachta – Comhpháirtíocht an Oirthir a dhéanfaidh beart do chách’, an Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach a ghabhann leis, agus Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir – dearbhú comhpháirteach.

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

Maidir leis an ngníomh a iarrtar ar an gComhairle Comhlachais a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe toisc go mbeidh Clár Oibre Comhlachais AE-na Seoirsia don tréimhse 2021-2027 mar bhonn don chlársceidealú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú leis an ngníomh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglactar seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid ann agus más féidir ceann amháin de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus nach bhfuil sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach amháin, eadhon an bunús sin a éilítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a shaothraíonn roinnt cuspóirí ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, atá i ndlúthnasc doscartha gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le comhlachas le tríú tíortha, go háirithe le cur chun feidhme aidhmeanna agus chuspóirí an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia. Baineann na bearta a bheartaítear a ghlacadh, go ginearálta, leis na réimsí uile a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais agus tá d’aidhm acu an comhlachas idir na Páirtithe a chur chun feidhme agus a dhoimhniú tuilleadh. Dá bhrí sin, ní mór an réimse ina dtagann an cinneadh a chinneadh i bhfianaise an Chomhaontaithe Comhlachais ina iomláine.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 217 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go dtiocfaidh gníomh na Comhairle Comhlachais in ionad Mholadh Uimh. 1/2017 an 20 Samhain 2017, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2022/0073 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Clár Oibre Comhlachais AE-an tSeoirsia a ghlacadh**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ('an Comhaontú') an 27 Meitheamh 2014[3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

(2) De bhun Airteagal 406(1) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais moltaí a ghlacadh d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Glacfaidh an Chomhairle Comhlachais an moladh maidir le Clár Oibre Comhlachais AE-na Seoirsia don tréimhse 2021-2027 trí nós imeachta i scríbhinn.

Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh Clár Oibre Comhlachais AE-na Seoirsia don tréimhse 2021-2027 mar bhonn don chlársceidealú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

(4) D'fhonn cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a éascú, chomhaontaigh na Páirtithe Clár Oibre Comhlachais a bhunú ina liostófar tosaíochtaí dá gcuid oibre comhpháirtí de réir earnála.

(5) Glacfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhlachais maidir le glacadh an Chláir Oibre Comhlachais idir an tAontas agus an tSeoirsia don tréimhse 2021-2027,

[3] *IO L 261, 30.8.2014, lch. 4.*

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais bunaithe ar an dréachtmholadh ón gComhairle Comhlachais atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig an Ardionadaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*